Is deis atá ann domsa freisin, mar Chathaoirleach, measúnú a dhéanamh ar na réimsí ar mhaith liom tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh iontu agus na bealaí ina féidir leis an BTCP ár gcuid seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú do raon leathan páirtithe leasmhara, agus tiarnaí talún agus tionóntaí ina measc thar aon dream eile.

Fáilte roimh an dul chun cinn...

Táim an-tógtha leis an mbealach inar athraigh an BTCP an bealach ina ndéantar a chuid seirbhísí a sheachadadh trí fháiltiú roimh bheartas Rialtais “níos mó a dhéanamh le níos lú” trí leas a bhaint as TFC, eisfhoinsiú agus as seirbhísí comhroinnte. I mí Iúil 2008 rinneadh measúnú ar chórais TFC sa BTCP i dtuarascáil neamhspleách ina bhfuarthas amach “gurb ionann na córais agus na próisis ghnó a thugann tacaíocht do na seirbhísí rialála faoi láthair agus meascán d’fhreastalaithe, d’fheidhmchláir, de bhailiúcháin sonraí agus de nósanna imeachta a dhéantar de láimh. Ní raibh straitéis TFC ag an BTCP riamh, agus dá bhrí sin is ar bhonn ad-hoc a tháinig athrú ar bhonneagar teicniúil na heagraíochta”. Tá an BTCP gearáilte go maith anois ó thaobh TFC de. Anuas ar an gcóras clárúcháin ar líne, rinneadh forchéimniú in 2012 ar sheirbhísí díospóide ar líne, ar bhainistiú cásanna leictreonacha, tugadh rochtain shlán chianda trí thairseacha, agus cuireadh láithreán Gréasáin nua-aimseartha, inrochtana ar fáil.

Cuireadh tograí nuálacha TFC de chuid an BTCP ar an ngearrliosta le haghaidh Gradam TFC na hÉireann faoi dhó le trí bliana anuas. D’fháiltigh an BTCP roimh bheartas um sheirbhísí comhroinnte an Rialtais freisin trí chlár fhorleathana malartaithe sonraí a chur i bhfeidhm le Ranna agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile, tugadh rianú leictreonach isteach agus deimhniú maidir le seachadadh poist doiciméad dlí, tugadh isteach Innéacs Cíosa atá á óstáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, agus thug na Coimisinéirí Ioncaim saoráidí um aisghabháil tubaiste isteach, agus cinn nach iad.

Le linn 2012, chuir an BTCP tairiscint isteach ar sheirbhísí eisfhoinsithe a bhain le gníomhaíocht a lárionad glaonna agus le seirbhísí bainistíochta doiciméad. Bronnadh an conradh ina dhiaidh sin ar SouthWestern i gCloich na Coillte agus chuaigh an dá thogra beo i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2012. Rinneadh na hathruithe sin go léir in ainneoin go raibh an fhoireann laghdaithe ó 70 go dtí 35. Íocadh as freisin amach as acmhainní an BTCP féin, agus choinnigh an Bord a stádas féinmhaoinithe don tríú bliain as a chéile.

Dúshláin amach anseo...

MÉID NA HEARNÁLA: Tá fás thar cuimse ag teacht ar an earnáil phríobháideach cíosa. Taispeántar i nDaonáireamh 2011 go bhfuil 29% den daonra anois ina gcónaí in áitreabh ar cíos, .i. 475,000 teaghlach, agus tá 65% (308,750) díobh sin san earnáil phríobháideach, 30% san earnáil phoiblí, agus 5% san earnáil dheonach. Tá 29% de theaghlaigh ag baint leasa as an earnáil cíosa anois, i gcomparáid le 22% in 2002 – aistriú struchtúrach i dtreo cíosa. Tá an chosúlacht air go leanfar den treocht sin, agus níos lú soláthar díreach de thithíocht Údarás Áitiúil ar fáil, deacrachtaí morgáistí a fháil, agus níos lú muiníne ó thaobh fostaíochta agus praghsanna tithe. I bhfocail eile, ní raibh an earnáil phríobháideach cíosa chomh tábhachtach riamh i dtéarmaí riachtanais tithíochta mhuintir na hÉireann.

SAINCHÚRAM LEATHNAITHE: Beidh an Earnáil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faoi shainchúram an BTCP den chéad uair freisin. Tá áthas ar Bhord agus ar fhoireann an BTCP an earnáil thábhachtach sin a áireamh laistigh dár sainchúram, agus táimid meáite ar a chinntiú go bhfreastalaímid ar riachtanais na hearnála seo go héifeachtach agus go héifeachtúil.

TRÉIMHSÍ PRÓISEÁLA: Is cúis imní dúinn go bhfuil sé ag tógáil suas le 12 mhí díospóidí a réiteach. I gcásanna áirithe, i gcás nach bhfuil cíos á íoc leis an tiarna talún, nó i gcás ina dteastaíonn ó thionónta éarlais nó taisce a fháil ar ais chun tionóntacht nua a fháil, tarlaíonn cruatan mór nuair a bhíonn moill ann é seo a dhéanamh. Tá an BTCP tiomanta é sin a laghdú go dtí seacht mí faoi dheireadh 2013, agus níos giorra arís ina dhiaidh sin. Beidh an Bord i mbun monatóireacht ghrinn ar an dul chun cinn maidir le tréimhsí próiseála a laghdú. Oibreoidimid freisin leis an Roinn lena chinntiú go mbeidh na hacmhainní cearta ag an mBord.

REACHTAÍOCHT: Tuigimid ar fad go bhfuil an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe an-chasta. Tarlaíonn moill mar gheall air sin agus bíonn easpa tuisceana ann ó thaobh cearta agus oibleagáidí daoine aonair. Tugann an Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) deis dúinn sa deireadh thiar dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Tapóidh an Bord gach deis chun rannchuidiú le forbairt na reachtaíochta. Táimid ag tnúth le bearta lena ndéantar cuíchóiríú ar nósanna imeachta inmheánacha agus ina rachfar i ngleic le saincheisteanna atá á gciapadh le fada an lá cosúil le héarlaisí a choinneáil agus riaráistí cíosa.

SCÉIM CHOSANTA TAISCI: D'fhógair an tAire go bhfuil sé mar rún ag an Rialtas seasamh leis an tiomantas a rinneadh sa Chlár don Rialtas Scéim Chosanta Taiscí a thabhairt isteach in Éirinn. Rinne an BTCP coimisiúnú ar thaighde le Indecon Economic Consultants cheana féin maidir le hinmharthanacht airgeadais scéim den sórt sin. Cuireadh é sin faoi bhráid an Aire i mí na Samhna 2012 agus tá sé ar fáil ag an bpobal ar láithreán Gréasáin na Roinne Comhshaoil. Cé nach léir ag an bpointe seo cén ról a shamhlaíonn an tAire a bheidh ag an BTCP sa scéim nua, tá an Bord agus an fhoireann tiomanta oibriú i dtreo bhunú rathúil na scéime nua i cibé cáil a shocraíonn an Rialtas.

Is tréimhse bhríomhar é don BTCP. Táthar ag súil go mbeidh toradh maith ar obair chrua na foirne, na stiúrthóireachta agus an bhoird le roinnt blianta anuas do sheirbhísí cuíchóirithe. Tugtar faoi deara ar ndóigh nach mór dúinn a bheith tiomanta fós agus airdeallach maidir leis an obair atá amach romhainn agus a bheith ag féachaint i gcónaí lenár seirbhís a fheabhsú agus a bhrú chun cinn ar mhaithe lenár n-úsáideoirí go léir.

An tUasal Caitríona Walsh,

Cathaoirleach

Achoimre Feidhmiúcháin na Stiúrthóirí 2012

Achoimre Feidhmiúcháin na Stiúrthóirí maidir le Gníomhaíochtaí 2012



Dul chun cinn mór

Ba bhliain mhór a bhí in 2012 ó thaobh nuachóiriú leanúnach an BTCP. In Aibreán

2012 chuaigh togra TFC an-tábhachtach, an chéim dheiridh den Chóras Bainistíochta Tionóntachta (TMS) beo.

Leis sin déantar bainistíocht cásanna go leictreonach ar chomhaid Díospóide, ar iarratais Díospóide ar líne agus cuirtear rochtain shlán chianda ar fáil trí thairseach d'Idirghabhálaithe, do Bhreithneoirí agus do Chomhaltaí Binse. Seachas an córas TFC nua a thástáil agus a sheoladh, rinneadh scanadh ar os cionn 1,000 comhad Díospóide reatha / uaslódáladh iad agus cuireadh oiliúint ar bun do gach úsáideoir.

Tugadh isteach eisfhoinsiú sa BTCP le linn na bliana freisin. I ndiaidh tairisceana idirphlé iomaíoch a mhair thar cúpla mí, bronnadh an conradh ar SouthWestern, bunaithe i gCloich na Coillte. Eisfhoinsíodh gníomhaíocht an lárionaid glaonna i mí Dheireadh Fómhair agus chuaigh an tseirbhís Bainistíochta Doiciméad, lena n-áirítear, clárúcháin, beo i mí na Samhna. Laghdaíodh foireann an BTCP ó 50 go dtí 35 le linn 2012, agus rinneadh gearradh siar ó 70 go dtí 50 ar an bhfoireann an bhliain roimhe sin. Bhí an BTCP fós á mhaoiniú féin don tríú bliain as a chéile.

Obair Leanúnach

Clárúcháin: Cláraíodh 97,181 tionóntacht nua in 2012. Faoi dheireadh na bliana bhí 264,434 tionóntacht ar Chlár an BTCP. Is bunachar sonraí an-luachmhar é seo don phobal a chuirtear ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha bailithe cánach (m.sh. an Cháin Mhaoine Áitiúil), don Roinn Coimirce Sóisialaí (forlíonadh cíosa agus aimsiú calaoise) agus d'Údaráis Áitiúla. Maoinítear gníomhaíochtaí an BTCP leis na táillí clárúcháin €90. In 2012 d'íocamar €2.2m freisin le hÚdaráis Áitiúla chun an córas iniúchta íoschaighdeán a mhaoiniú.

In 2012, le cúnadh ó chóras nua TFC, agus comhoibriú níos dlúithe arís le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, chuir an BTCP dlús le gníomhaíochtaí i gcoinne tiarnaí talún nach bhfuil cláraithe. Eisíodh 43,549 fógra forfheidhmithe/litreacha rabhaidh ó aturnaetha do Thiarnaí Talún in 2012.

Díospóidí

Fuair an BTCP 2,272 iarratas maidir le díospóidí a bhain le 4,224 sárú líomhnaithe ar an Acht. Ar an gcéad dul síos, cuirimid Seirbhísí Idirghabhála agus Breithnithe ar fáil ar chostas €25. Féadfar achomharc a dhéanamh ar an toradh chuig Binse ar a mbíonn triúr laistigh de 21 lá ar chostas €100. Fuair an BTCP 268 achomharc chuig an mBinse in 2012; is ó thionóntaí a tháinig 60% de na hiarratais ar dhíospóid, 37% ó thiarnaí talún agus 3% ó thríú páirtithe.

Bhain ocht gcéad is tríocha a sé de na hiarratais díospóide le héarlaisí tionóntaí a líomhnaíodh a bheith á gcoinneáil go neamhdhleathach. Is ionann éarlais agus airgead an Tionónta. Níl an tiarna talún i dteideal a choinneáil ach an chuid sin den éarlais a chúitíonn damáiste a rinneadh a bhí níos measa ná gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt, nó mar gheall ar riaráistí cíosa, nó aon bhillí fóntais gan íoc. As na cásanna a socraíodh in 2012, aisíocadh an éarlais go hiomlán leis an tionónta i 33% de chásanna; choinnigh an tiarna talún go hiomlán é i 24% de chásanna, agus ceadaíodh aisíoc i bpáirt leis an tionónta i 43% de chásanna. Táthar ag súil go rachfar i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le hÉarlaisí a choinnítear go neamhdhleathach sa Scéim Chosanta Taiscí, a reachtófar dó in 2013.

Ba riaráistí cíosa a bhí i gceist le 32% de na hiarratais ar dhíospóidí chuig an BTCP, nó 719 iarratas in 2012. Sin méadú 129% i gcásanna riaráiste cíosa le ceithre bliana anuas. Tá sé de dhualgas de réir an dlí ar thionóntaí cíosa íoc, fiú má tá siad i ndíospóid. Tá sé i gceist an reachtaíocht a athrú in 2013 ionas go mbeidh sé níos éasca tionóntacht a fhoirceannadh i gcás nach bhfuil cíosa á íoc. Tá sé i gceist freisin go n-íocfar íocaíochtaí Forlíonadh Cíosa go díreach le Tiarnaí Talún cláraithe d'fhonn mí-úsáid an chórais sin a chosc.

Forfheidhmiú

Fuair an BTCP 346 iarratas nua ar Orduithe Cinnidh a bhain le Forfheidhmiú in 2012. Bhain sé sin le cásanna nár comhlíonadh cinneadh nó breithiúnas an BTCP. Is faoi na páirtithe i gcás an dámhachtain / cinneadh a fhorfheidhmiú tríd na Cúirteanna ar a son féin, nó féadfaidh bord an BTCP socrú é sin a dhéanamh. Bhí líon na n-iarratas a fuarthas ó thiarnaí talún (180) beagán níos mó ná iad sin a fuarthas ó thionóntaí (161), agus bhí 5 iarratas eile ann. Léirítear leis sin an treocht sna hiarratais díospóidí a fuarthas agus léirítear gur ceist thromchúiseach atá ag dul i

meid é ceist na riaráistí cíosa anois. Déantar gach iarracht an cheist a réiteach gan dul chun cúirte, lena n-áirítear íocaíochtaí i dtráthchodanna. Ní bhítear in ann páirtí is freagróir i gcás a aimsiú i gcónaí (m.sh. nuair nach bhfuil cónaí ar an bpáirtí sa tír níos mó). Mar sin féin, cuireadh 263 comhad ar aghaidh chuig ár gComhairleoirí Dlí in 2012 (bhain 81 cás le hiarratais forfheidhmithe ó 2012; bhain 182 le cásanna a bhí fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2011). Maidir le cásanna a éisteadh sa chúirt le linn 2012, fuarthas ciontuithé Alt 126 (coiriúil) i gceithre chás agus fuarthas Orduithe Alt 124 (Ionchúisimh Shibhialta) i 91 cás.

Taighde

Choimisiúnaigh an BTCP agus rinne sé maoirsiú ar phíosaí tábhachtacha taighde le linn 2012. Ina measc bhí measúnú Indecon ar inmhharthanacht airgeadais na Scéime Cosanta Taiscí in Éirinn (foilsithe i mí na Samhna 2012) agus Innéacs Cíosa Hedonic na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) / na Tuarascála maidir le Meán-Chíos (a seoladh go luath in 2013).

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach atá ag éirí as, an tUasal Orla Coyne, agus lena Comhghleacaithe ar an mBord as a gcuid oibre thar ceann an BTCP. Thosaigh Cathaoirleach reatha an BTCP, an tUasal Caitríona Walsh i mbun oibre i mí Aibreáin 2013. Guím gach rath uirthi féin agus ar na Comhaltaí Boird nua. Táim ag tnúth le bheith ag obair leo.

Bhí ról gníomhach ag ár ngeallsealbhóirí tiarnaí talún agus tionóntaí i bhforbairt an BTCP agus táim buíochas an aiseolas stuama a chuir siad ar fáil. Tréaslaím freisin lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil as a gcuid tacaíochta, go háirithe maidir leis an reachtaíocht a athchóiriú agus a chuíchóiriú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht shinsearach an BTCP, Kathryn Ward, Pdraig McGoldrick, Carmel Diskin agus Janette Fogarty/ Annmarie Quinn as a gcuid oibre le linn na bliana, ní hamháin gur oibrigh siad ar ualach oibre níos mó, ach freisin chuir siad roinnt tograí nuachóirithe tábhachtacha i bhfeidhm. Ar deireadh, gabhaim buíochas le foireann an BTCP as a gcuid solúbthachta, a dtiomantas agus a ndearcadh dearfach ag amanna a bhí sách dúshlánach.

Anne Marie Caulfield

Stiúrthóir

Comhaltaí an Bhoird



1. Orla Coyne Aturuae
(Cathaoirleach)

2. Gene Feighery
Comhshaolaí

3. Vincent P. Martin
Abhcóide

4. Finian Matthews
Státseirbhíseach ar scor

5. An Dr Eoin O'Sullivan
*Ollamh Comhlach i mBeartas Sóisialta,
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath*

6. Thomas J Reilly
Gairmí Maoine

7. John Tiernan
Iar-Bhainisteoir Contae

8. Conn Murray
Bainisteoir Contae

9. Joseph Meehan
Státseirbhíseach, An Roinn Coimirce Sóisialaí

10. Paula O'Reilly
*Státseirbhíseach, an Roinn Comhshaoil,
Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil*

11. Tim Ryan
Sainchomhairleoir PR

12. Tricia Sheehy Skeffington
Abhcóide

Aidan Brennan, Státseirbhíseach, An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil – D'éirigh as Feabhra 2012

An Bord agus a Struchtúir Rialachais

Comhaltaí Boird

Is é an tAire a cheapann Comhaltaí an Bhoird mar dhaoine a bhfuil taithí acu sa réimse saineolais atá ábhartha d'fheidhmeanna an Bhoird (Alt 153 den Acht). Tá an BTCP tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is fearr a chothabháil de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'ullmhaigh an Bord Cóid Iompair Ghnó do na Comhaltaí Boird, an Stiúrthóir, an Fhoireann, agus le haghaidh Breithneoirí agus Idirghabhálaithe, agus ghlac an Bord leis na Cóid Iompair seo. D'ullmhaigh sé Straitéisí Corparáideacha 3 bliana agus Pleananna Bliantúla Gnó freisin.

Tháinig an Bord le chéile 37 uair i rith 2012 chun déileáil le nithe a bhain le Beartas agus le Díospóidí. Ina theannta sin, réachtáladh 33 cruinniú de 6 choiste an Bhoird. Íocadh táillí iomlána arbh fhiú €207,592 iad (OII) le comhaltaí an Bhoird in 2012. Bhain €107,632 de seo le freastal ar chruinnithe boird (Beartas, Díospóidí & Coistí) agus €93,077 le hobair a bhain le Binsí. Chun miondealú a fháil de Tháillí Binsí do Chomhaltaí Boird agus do Chomhaltaí CRD nach bhfuil ar an mBord, féach an Rannóg Binsí (leathanach 25).

Íocadh €7,633 ar an iomlán le comhaltaí an bhoird freisin as costais taistil agus cothaithe a thabhaigh siad chun freastal ar chruinnithe agus ar Bhinsí de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Is iad seo a leanas na táillí a íocadh in 2012 i leith dualgas a bhain leis an mBord:

Gníomhaíocht	Táillí éifeachtach ón 1 Bealtaine 2012 ar aghaidh
Cruinnithe Boird/Cruinnithe Coiste/Oiliúint	€196
Cruinnithe Boird/Cruinnithe Coistí - Cathaoirleach	€217
Cruinnithe Díospóidí	€348
Cruinnithe Díospóidí / Cathaoirleach	€543
Binsí	€525*
Binsí / Cathaoirleach	€1,090*

*Tá táille tuarascála san áireamh anseo.



Tinreamh agus Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird 2012

Leagtar amach thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe agus a rannpháirtíocht in obair eile a bhain leis an mBord i rith 2012, mar aon leis na táillí a íocadh leo sa tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2012.

Comhalta Boird	Number of Meetings attended in 2012			Táillí a Fuarthas
	Beartas an Bhoird	Díospóidí an Bhoird	Coistí & Oiliúint	
(méid comhlán)	13	21	19	€30,071****
Aidan Brennan **	2	0	2	–
Gene Feighery	12	21	9	€12,795
Vincent P. Martin	10	17	4	€9,639
Finian Matthews	14	22	11	€14,922
Joseph Meehan**	6	0	8	–
Conn Murray**	4	0	4	–
An Dr. Eoin O’Sullivan**	13	4	7	€546
Thomas J Reilly	13	22	27	€16,406
John Tiernan	10	17	20	€12,209
Tim Ryan*	12	11	9	€7,792
Tricia Sheehy Skeffington*	12	16	8	€9,880
Paula O’Reilly* **	11	11	11	–
Iomlán Líon na gCruinnithe	14	23		€114,260

Is figiúirí comhlána iad na figiúirí thuas agus iad incháinite go hiomlán.

* Ar an mBord in 2012

** Níor íocadh táillí leis na comhaltaí boird seo toisc gur státseirbhísigh lánaimseartha iad.

**** Áirítear leis an bhfigiúr seo freisin íocaíocht a rinneadh leis an gCathaoirleach as 43 cruinniú breise a bhain le gnó an BTCP.

(Íocadh táille €546 leis an Dr Eoin O’Sullivan as a bheith rannpháirteach ag seimineár oiliúna agus as agallaimh a chur).

Rialachas an BTCP: Gníomhaíocht & Ballraíocht Coistí

De réir Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, bhunaigh an Bord roinnt coistí chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh:

1. An Coiste Réitithe Díospóide

Orla Coyne (*Cathaoirleach*)
 Jim Bridgeman
 Kieran Buckley
 Anne Colley
 Charles Corcoran
 Tom Dunne
 Ciara Doyle
 Mary Doyle
 Gene Feighery
 Geraldine Feeney
 Mary Heaslip
 Michael Irvine
 Nesta Kelly
 Anne Leech
 John Lynch
 Vincent P. Martin
 Finian Matthews
 Fintan McNamara
 Claire Millrine
 Louise Moloney
 Mary Morris
 Henry Murdoch
 Liam Nolan
 Maurice O'Donoghue
 Cian Ó Lionáin
 An Dr. Eoin O'Sullivan
 Dervla Quinn
 An tOllamh Bairbre Redmond
 Tim Ryan
 Tricia Sheehy Skeffington
 John Tiernan

Tugann Alt 159 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 cumhacht do Bhord an BTCP Coiste Réitithe Díospóide a bhunú agus feidhmeanna a tharmligean chuige, agus comhaltaí a cheapadh ar an gCoiste sin. Is éard atá i gCoiste Réitithe Díospóide (CRD) an BTCP ná an painéal óna roghnaítear comhaltaí na mBinsí Tionóntachta ar a mbíonn triúr. Toisc nach féidir Cinntí na mBinsí a achomharc ach chuig an Ard Chúirt amháin, agus é sin maidir le pointe dlí, bíonn feidhm ghar-bhreithiúnach thábhachtach ag comhaltaí an CRD.

Déanann an Binse ar chur i gcrích éisteachta cinneadh agus tugann siad fógra don Bhord maidir leis an gcinneadh, de bhun Alt 108(1) den Acht. Ina dhiaidh sin déanann an Bord, i gcomhréir le hAlt 121 den Acht, Ordú Cinnidh atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus eisítear é sin do na páirtithe lena mbaineann in éineacht leis na saincheisteanna i dTuarascáil an Bhinse. Reáchtáladh 196 Binse dá leithéid i rith 2012. Reáchtáil an Coiste Réitithe Díospóide a chruinniú bliantúil an 21 Samhain 2012.

2. An Coiste Taighde, Oideachais agus Feasachta

Dr. Eoin O'Sullivan
 (*Cathaoirleach*)
 Orla Coyne
 Tom Dunne
 Bob Jordan
 Gene Feighery
 Thomas J Reilly
 An Dr. Áine Ryall
 John Leahy

Rinne an Coiste Taighde, Oideachais agus Feasachta (Coiste TOF) maoirsiú ar an taighde seo a leanas in 2012:

- An cumasc atá beartaithe den BTCP agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

- › An Fhéidearthacht a bhaineann le Scéim Chosanta Taiscí Tionóntachta in Éirinn le Indecon (The Feasibility of a Tenancy Deposit Protection Scheme in Ireland) Cuireadh é sin faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair 2012.
- › Chuir an Coiste TOF tairiscint isteach freisin le haghaidh Innéacs Cíosa BTCP agus ceapadh an ESRI chun an obair sin a dhéanamh.

Bhí an Coiste i mbun cruinnithe i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna le geallsealbhóirí lárnacha cosúil leis an IPOA, IPAV, Cumann na Suirbhéirí Cairte Éire, IrishLandlord.com, Focus Ireland, Threshold agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI). Rinne an BTCP urraíocht ar Leabhar Cíosa do Mhic Léinn i gcomhar leis an USI, a seoladh ag tús na bliana acadúla i mí Mheán Fómhair 2012.

3. An Coiste Iniúchóireachta

Noel O'Connell
(Cathaoirleach)
Dermot Byrne
Finian Matthews
Cian Ó Lionáin
An Dr. Eoin O'Sullivan

Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste Iniúchóireachta agus is Comhaltaí Boird beirt díobh. Níl an triúr comhaltaí eile fostaithe ag an BTCP. Is é an tUasal Noel O'Connell, Stiúrthóir Iniúchóireachta, Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil Cathaoirleach an Choiste, agus tionóladh é 4 uaire in 2012.

Aontaíodh ar Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí 2010-2012 agus rinne Crowleys DFK, Cuntasóirí Cairte, na hathbhreithnithe seo a leanas le linn 2012;

- › Iniúchadh ar Phá agus Tuarastail
- › Iniúchadh ar Rialuithe Airgeadais an BTCP – Tuarascáil Leantach
- › Iniúchadh ar an tSeirbhís Réitithe Díospóidí

4. An Coiste Airgeadais

Orla Coyne (Cathaoirleach)
Aidan Brennan*
John Tiernan
Thomas J. Reilly
Conn Murray
Joseph Meehan
Paula O'Reilly*

**D'éirigh an tUasal Aidan Brennan, RCORÁ as an gcoiste i mí Feabhra 2012 agus tháinig an tUasal Paula O'Reilly, RCORÁ i gcomharba air*

Bhuail an Coiste Airgeadas le chéile 13 uair in 2012. Déanann an Coiste machnamh go mion ar chúrsaí airgid agus beartais an Bhoird; déantar athbhreithniú ar bhuiséid agus ar thuarascálacha airgeadais; tugann comhairle agus déanann moltaí leis an mBord, Stiúrthóir agus leis an mbainistíocht shinsearach. Déanann an Coiste imscrúdú freisin ar chuntais bhliantúla an Bhoird. Is eagraíocht féinmhaoinitheach go hiomlán é an BTCP ó 2009 i leith.

5. An Coiste Reachtach, Cleachtas agus Nós Imeachta

Finian Matthews
(Cathaoirleach ón 7 Noll. 2011)
Orla Coyne
Anne Colley
Vincent P. Martin
Tom Reilly
John Tiernan
William B. Devine

Tháinig an Coiste Reachtach, Cleachtas agus Nós Imeachta le chéile 6 uaire in 2012 chun machnamh a dhéanamh agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir le feidhmiú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe agus go háirithe na leasuithe a bhí beartaithe ar an Acht. In 2012, chuir an coiste lámhleabhar de Chleachtas agus Nósanna Imeachta le chéile freisin maidir le réachtáil Binsí.

6. Coiste Alt 189

Orla Coyne *
 Finian Matthews*
 Conn Murray*
 Thomas J Reilly*
 Paula O'Reilly
 An Dr. Eoin O'Sullivan
 John Tiernan
 (*athcheaptha 18 Aibreán 2012*)
 Tricia Sheehy Skeffington
 Tim Ryan

**Term expired 16 March 2012*

Foráiltear le hAlt 189 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe go bhféadann an Bord iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda le haghaidh faoiseamh eatramhach nó idirbhreitheach nuair a mheasann an Bord go bhfuil sé cuí a leithéid a dhéanamh (mar shampla i gcás díshealbhuithe neamhdhleathacha). Tionóladh an Coiste uair amháin in 2012.

7. An Coiste Caidrimh Phoiblí

Thomas J Reilly (Chair)
 An Dr. Eoin O'Sullivan
 John Tiernan
 Tricia Sheehy Skeffington
 Gene Feighery
 Tim Ryan

Bhunaigh an Bord Coiste Caidrimh Phoiblí i mí na Bealtaine 2012. Is é feidhm an Choiste Caidrimh Phoiblí feasacht a mhéadú i measc tiarnaí talún agus tionóntaí an BTCP agus an ról atá aige, chomh maith le dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud na hearnála ar fad. Tháinig an Coiste Caidrimh Phoiblí le chéile 6 uaire ar an iomlán in 2012.



Gníomhaíochtaí Clárúcháin 2012

Sracfhéachaint ar Ghníomhaíochtaí Clárúcháin 2012	
Líon iomlán na dtionóntachtaí a cláraíodh	264,434
Líon na dtiarnaí talún	212,306
Líon na dtionóntaí	593,382
Líon iomlán na gcomhaontuithe tionóntachta nua a cláraíodh in 2012	97,181
Meánlíon na n-iarratas nua a fhaightear gach lá	360
Líon na nglanna gutháin a freagraíodh in 2012	34,185
Cistí a íocadh le hÚdaráis Áitiúla chun cigireachtaí maidir le híoschaighdeáin a dhéanamh	€2.2m

Faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, tá dualgas ar thiarnaí talún iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun tionóntachtaí a chlárú leis an BTCP laistigh d'aon mhí amháin ó dháta tosaigh na dtionóntachtaí. Cuirtear bac ar thiarnaí talún a bhfuil tionóntachtaí neamhchláraithe acu díospóid a chur faoi bhráid an BTCP. Mura bhfuil tionóntacht cláraithe, ní théann sé i gcion ar chearta tionóntaí, agus beidh teacht ag tionóntaí ar an tseirbhís réitithe díospóidí beag beann ar an tionóntacht a bheith cláraithe nó gan a bheith cláraithe.

Táillí Clárúcháin Tionóntachta

Tá an BTCP féinmhaoinitheach go hiomlán, arna mhaoiniú ag Táillí clárúcháin. I gcás tionóntachtaí a thosaíonn an 1 Eanáir 2011 nó dá éis

- › **€90** in aghaidh na dtionóntachta ar an gcoinníoll go bhfaigheann an BTCP an t-iarratas

comhlánaithe ar chlárúchán taobh istigh de mhí amháin ó dháta tosaigh na dtionóntachta. Beidh feidhm ag táille dhéanach **€180** ina dhiaidh sin.

- › Maireann clárú fad is a mhaireann an tionóntacht, faoi réir ag uasmhéid ceithre bliana. Caithfear tionóntachtaí a athchlárú i gcás go bhfuil siad ann le ceithre bliana.
- › **€375** i gcás tionóntachtaí iomadúla (táille ilchodach) in aon fhoirgneamh amháin, nuair atá siad á gclárú ag an am céanna ag an tiarna talún céanna laistigh d'aon mhí amháin ó dháta tosaigh na chéad tionóntachta.
- › Ní aon táille iníoctha sa chás go ndearnadh dhá íocaíocht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha maidir leis an tionóntacht sna 12 mhí roimhe sin. Níl aon táille iníoctha i leith mionsonraí tionóntachta atá cláraithe cheana féin a nuashonrú.



Eisfhoinsiú an Lárionaid Teagmhála agus Seirbhísí Bainistíochta Doiciméad.

Choimisiúnaigh an BTCP staidéar neamhspleách ar eisfhoinsiú i mí Feabhra 2011. Ba é príomh-chonclúid na tuarascála ná nach mbeadh an BTCP in ann feidhmiú murach an líon foirne de 33 a fhorchuirtear leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta (trína rialaítear soláthar foirne i ngach réimse den Earnáil Phoiblí), go háirithe ag glacadh leis an éileamh níos mó ná riamh atá ar sheirbhísí Díospóide, Binse agus Forfheidhmithe BTCP, agus an leibhéal idirghabhála a theastaíonn i gcónaí chun cuidiú le tiarnaí talún leis an bpróiseas clárúcháin. Baineadh de thátal as sa Tuarascáil ionas go mbeidh an BTCP in ann a shainchúram a bhaint amach gurb eisfhoinsiú an t-aon rogha inmharthana atá aige sna blianta seo amach romhainn. Thángthas ar chomhaontú leis an mBord maidir leis an gcur chuige sin.

Le linn 2012 rinneadh soláthar le haghaidh eisfhoinsithe faoin nós imeachta idirphlé iomaíoch, faoi mhaoirseacht Coiste Stiúrtha arna cheapadh ag an mBord agus le cúnamh ó Achilles Procurement Consultants. Bronnadh an conradh ar SouthWestern, Cloich Na Coillte, Co. Chorcaí i mí Iúil 2012.

Cuireadh Céim 1 den tseirbhís eisfhoinsithe (seirbhís an lárionaid glaonna) i bhfeidhm ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2012 agus ina dhiaidh sin Céim 2 (seirbhísí bainistíochta doiciméad) ag deireadh na Samhna 2012. Faightear réiteach soláthraí aonair leis an tseirbhís, le haghaidh seirbhísí bainistíochta teagmhála agus le haghaidh seirbhís bainistíochta doiciméad atá go hiomlán comhtháite (scanadh, iontráil sonraí) chun gach iarratas, díospóid / iarratas de chuid an BTCP i gcomhair binse a chlárú agus íocaíochtaí gaolmhara agus obair leantach an chliant ina dhiaidh sin.

Seirbhísí Clárúcháin Ar Líne

Sheol an BTCP a sheirbhís clárúcháin ar líne i mí na Samhna 2010. Is féidir tionóntachtaí a chlárú ag www.prtb.ie agus ní thógann sé ach cúpla nóiméad. Tá sraith ceisteanna coitianta agus leideanna áisiúla ar an láithreán Gréasáin chun cuidiú le tiarnaí talún agus le gníomhairí tionóntachtaí a chlárú ar líne leis an BTCP.

Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí 41% tar éis clárú ar líne agus leanann an BTCP ag spreagadh tiarnaí talún chun leas a bhaint as an tseirbhís.

Gnéithe den Chlár Tionóntachtaí atá ar fáil don Phobal

Tá dualgas ar an BTCP clár tionóntachtaí a choinneáil de réir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus bunachar sonraí cothrom le dáta a sholáthar agus a bhainistiú chun críocha faisnéise, ceaptha beartas agus staitisticí. Is é atá sa chlár foilsithe ná sliocht ón gclár tionóntachtaí agus tá sonraí ann ón bhfoirm chlárúcháin a chuireann an tiarna talún nó an gníomhaire ar fáil. Soláthraíonn an clár seoladh na teaghaise ar cíos; cur síos ar an teaghais; líon na seomraí codlata agus spásanna leapa; agus an t-achar urláir.

Níl aon eolas sa chlár foilsithe a d'fhéadfaí a úsáid chun a fháil amach cé hé/hí an tiarna talún nó tionónta ná cad é an cíos iníochta.

Conas is féidir a sheiceáil an bhfuil maoin ar cíos cláraithe?

Logáil isteach ar láithreán gréasáin an BTCP ag www.prtb.ie chun an clár foilsithe a sheiceáil. Téigh chuig an gClár Foilsithe agus cliceáil ar an gcontae iomchuí agus cuardaigh faoi sheoladh na teaghaise ar cíos. Tá an clár ar fáil i bhformáid PDF agus Excel. Nuashonraítear an clár foilsithe ar an láithreán Gréasáin go míosúil. Más eol duit go bhfuil maoin ar cíos nach bhfuil cláraithe, is féidir leat tuairisc a thabhairt faoi seo don BTCP, go hiomlán faoi rún, ag Enforcement@prtb.ie

Maoiniú an BTCP d'Údaráis Áitiúla d'fhonn Íoschaighdeáin a fhorfheidhmiú

De réir fhorálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, cuirtear maoiniú ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla chun costas na gcigireachtaí ar chóiríocht phríobháideach chónaithe ar cíos a ghlanadh. De bhun treoracha íocaíochta sonracha arna ndéanamh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leithdháileadh aon cúigiú den ioncam ón táille clárúcháin ar na hÚdaráis Áitiúla in 2012. Choinnigh an BTCP an fuilleach chun a gcostais oibriúcháin féin a ghlanadh. Coinníonn an BTCP an t-airgead sin i gcáil mhuinéeach agus dáileadh €2.2 milliún ar údaráis áitiúla in 2012 faoi threoir na RCPRÁ, rud a fhágann gurb é an méid iomlán a dháil an BTCP ar Údaráis Áitiúla ó 2004 i leith ná €25,419,000.

Tá tuilleadh eolais ar rátaí cigireachta Údaráis Áitiúil agus ar na híoschaighdeáin nua maidir le Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos ar fáil ar láithreán gréasáin na RCPRÁ: www.viron.ie.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin Maidir Le Clárúchán 2012

Sracfhéachaint ar Fhorfheidhmiú Clárúchán 2012	
Fógraí Faisnéis Ghinearálta chuig Tiarnaí Talún maidir leis an oibleagáid dhlíthiúil clárú	33,625
Fógraí Forfheidhmiúcháin Oifigiúla	9,052
Litreacha rabhaidh ó Aturnaetha	872
Toghairmeacha Cúirte	26

Téann an BTCP sa tóir ar thiarnaí talún nach gcláraíonn. Is féidir ionchúiseamh le fíneálacha suas le €4,000 nó téarma príosúnachta sé mhí a bheith i gceist mura gcláraítear tionóntachtaí. Tá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna nglacadh ag an BTCP de réir fhorálacha an Achte um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus, go háirithe, ailt 144 agus 145.

Faigheann an BTCP faisnéis ó roinnt foinsí éagsúla, lena n-áirítear:


- › An Roinn Coimirce Sóisialaí – Bunachar Sonraí maidir le Forlíonadh Cíosa
- › Údaráis Áitiúla – Caighdeáin maidir le Cigireachtaí ar Theaghaisí ar Cíos
- › An pobal i gcoitinne – Comharsana
- › Teachtaí Dála, Comhairleoirí, na Gardaí
- › Tionóntaí
- › Rannóga Díospóide / Clárúcháin (cásanna a chuirtear ar aghaidh go himmheánach sa BTCP)

Tugadh córais nua TFC isteach go luath in 2011 d'fhonn comparáidí bunachar sonraí a éascú le gníomhaireachtaí stáit agus le ranna eile chun tiarnaí talún nach bhfuil cláraithe a aithint chun críocha comhlíontachta. Cuidíonn bogearraí bainistíochta cásanna nua freisin chun cásanna atá á n-ionchúiseamh a bhainistiú.

In 2012, le cúnamh ó chóras nua TFC, agus comhoibriú níos dlúithe arís le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, chuir an BTCP dlús le gníomhaíochtaí i gcoinne tiarnaí talún nach bhfuil cláraithe. Eisíodh iomlán de 43,549 fógra forfheidhmiúcháin/litreacha rabhaidh ó aturnaetha do Thiarnaí Talún in 2012, is féidir miondealú a thabhairt orthu mar seo a leanas:


- › 33,625 Fógra maidir le Faisnéis Ghinearálta ag cur in iúl do Thiarnaí Talún go raibh oibleagáid dhlíthiúil orthu clárú faoin Acht agus na pionóis a bhaineann le neamh-chomhlíonadh
- › 9,052 Fógra Forfheidhmiúcháin Oifigiúil faoi Alt 144 den Acht ag cur in iúl do Thiarnaí Talún go bhfuil an Bord den tuairim go bhfuil tionóntacht ann nó go raibh sé ann agus go bhfuil sé ar intinn aige ionchúiseamh a dhéanamh mura gcláraítear an tionóntacht
- › 872 litir rabhaidh ó a aturnaetha

Dá bharr sin seirbheáladh 26 Toghairm chun na Cúirte Dúiche ar thiarnaí talún ar theip orthu a gcuid tionóntachtaí a chlárú leis an BTCP in ainneoin go raibh roinnt fógraí reachtúla agus rabhaidh faighte acu ag iarraidh orthu sin a dhéanamh. Tá na cásanna le héisteacht go luath in 2013.



Tá gach iarracht ar bun lena áirithiú go ndírítear gníomh forfheidhmiúcháin ar Thiarnaí talún in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus é sin a dhéanamh ar bhealach cothrom. Taispeántar sa chart thíos leithdháileadh na dtoghairmeacha a eisíodh in 2012.

Láthair na Tionóntachta



Gníomhaíochtaí Réitithe Díospóidí 2012

Seirbhísí Réitithe Díospóidí ag an BTCP 2012	Líon na nIarratas	Líon na gcúiseanna atá leis an díospóid
Iarratais ar Sheirbhísí Breithnithe agus Idirghabhála	2,272	4,224
Iarratais ar Bhinsí	268	307 laistigh den 196 Binse a tionóladh
Líon na nglaoanna a láimhseáladh maidir le díospóidí	15,138	
Córas leictreonach chun cásanna a bhainistiú, lena n-áirítear Seirbhísí Ar Líne, forbartha agus tástáil déanta orthu	Beo in Aibreán 2012	

Seirbhís Díospóide an BTCP a chur ar ríomhaire in 2012

In 2012 chaith Rannóg Díospóidí an BTCP go leor ama agus dua leis an gCóras Bainistíochta Tionóntachta a thabhairt isteach. Leis sin cuireadh córas leictreonach ar fáil chun cásanna a bhainistiú i gcás na nDíospóidí ar fad, agus acmhainneacht ann chun iarratas a dhéanamh ar líne. Bhí go leor obair láimhe ag baint le hábhair cásanna a fótachóipeáil agus a scaipeadh roimhe seo agus bhí sé neamhéifeachtach agus gach cás á gcoinneáil i bhfillteáin fháinneacha bhunúsacha. Déantar gach cás agus ábhar a bhaineann leis a scanadh anois i bhformáid leictreonach nuair a fhaightear iad agus scaiptear ansin iad go leictreonach trí thairseacha slán, chuig Breithneoirí, Idirghabhálaithe agus Baili Binsí ar fud na tíre. Faoi dheireadh 2012 bhí os cionn 50% d'iarratais nua ar Dhíospóidí á gcur isteach ag cliaint ar líne.

Bhí suas le leath den fhoireann Díospóidí i mbun tástála ar an gcóras, a chuaigh beo in Aibreán 2012. Thacaigh na Coimisinéirí loncaim le tabhairt isteach an chórais trí os cionn 1000 cáschomhad a bhí acu a scanadh. Tar éis dul i gcleachtadh ar an gcóras táthar ag cruthú éifeachtúlachtaí dá bharr. Cé gur shleamhnaigh na hamlínte i gcomhair próiseáil cásanna sa chéad leath de 2012 mar thoradh ar acmhainní foirne a bhí gann a chur ag obair ar thabhairt isteach an chórais nua seo, tá sé mar aidhm againn na hamlínte a laghdú go dtí seacht mí in 2013.

Fuair an BTCP 2,272 iarratas a bhain le Réiteach Díospóidí in 2012. Leis an teicneolaíocht nua atá againn táimid in ann den chéad uair anailís

iomlán a dhéanamh ar na catagóirí díospóide agus ar na cúiseanna a ndéanann páirtithe iarratas chuig an mBord chun díospóidí a réiteach. As an 2,272 iarratas a fuarthas, bhí 4,224 cúis a thug páirtithe sa díospóid le fios nach mór a láimhseáil tríd an bpróiseas réitithe díospóide.

Rochtain ar an tSeirbhís Réitithe Díospóide

Tá an BTCP ann in ionad na gCúirteanna le haghaidh mhórchuid na ndíospóidí a bhíonn idir Tiarnaí Talún agus Tionóntaí. Ar **tháille measartha beag €25**, is féidir leis na páirtithe i ndíospóid iarratas a chur chuig an mBord ar sheirbhísí breithnithe nó idirghabhála. Bíonn na Breithnithe agus na hIdirghabhálacha ar siúl i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i mBaile Átha Luain, i Sligeach agus i Loch Garman.


Beidh cinneadh maidir le breithniú nó idirghabháil nach ndéantar achomharc maidir leis chuig an mBinse i bhfoisceacht 21 lá ina Ordú Cinnidh ceangailteach de chuid an BTCP. Is féidir le páirtithe iarraidh go ndéanfaí forfheidhmiú ar an Ordú seo trí na Cúirteanna, i gcásanna neamhchomhlíontachta. Tá sé mar bheartas ag an BTCP torthaí na nOrdúithe Cinnidh a bhaineann le gach cás a fhoilsiú; mar sin féin, is eisceacht é idirghabháil anseo, toisc go mbíonn toradh idirghabhála faoi rún.

Na príomhchatagóirí Díospóide in 2012.

Mar a tugadh le fios roimhe seo fuair an Bord 2,272 iarratas a bhain le Réiteach Díospóidí in 2012, ina raibh 4,224 catagóir díospóide ó pháirtithe a rinne iarratais. Ba í an phríomhchatagóir Díospóide ná Éarlaisí a choinneáil, a bhain le 836 cás agus ansin bhí Riaráistí Cíos a bhain le 719 cás.


Cineál Díospóide	Iomlán na gCineálacha Díospóide
Éarlais a choinneáil	836
Riaráistí cíosa	719
Sárú ar oibleagáidí na dtiarnaí talún	462
Sárú ar oibleagáidí tionóntaí	424
Fógra foirceannta neamhbhailí	419
Caighdeán agus cothabháil na teaghaise	369
Rósheilbh	283
Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (Díshealbhú neamhdhleathach)	202
Eile	116
Iompar frithshóisialta	115
Léas ar téarma seasta a shárú	113
Damáiste a bhí níos mó ná gnáthchaitheamh agus gnáthchumilt	105
Cíos ar chostas níos mó ná ráta an mhargaidh	61
Iomlán	4224

2012 Miondealú de réir Cineál Iarratais



- Tionónta - 1368 (60%)
- Tiarna Talún - 849 (37%)
- Tríú Páirtí - 57 (3%)

2012 Cinntí i gCásanna inar coinníodh an Éarlais



- Coinnithe - 200 (24%)
- Aisiótha go hiomlán - 276 (33%)
- Aisiótha i bpáirt - 359 (43%)

Rinne tiarnaí talún 849 iarratas ar Sheirbhís Réitithe Díospóidí an BTCP in 2012 agus ghlac Tionóntaí 1368 cás agus Tríú Páirtithe 57 cás.

Éarlaisí a choinneáil

Tugtar le fios sa chairt thuas toradh na gcásanna a éisteadh in 2012 maidir le héarlaisí a choinneáil. Is leis an tionónta éarlaisí tionóntachta. Níl an tiarna talún i dteideal a choinneáil ach an chuid sin den éarlais i gcás ina bhfuil damáiste atá níos measa ná gnáthchaitheamh agus gnáthchumilt nó i gcás go bhfuil riaráistí cíosa nó billí fóntais gan íoc. Tá an teachtaireacht sin curtha in iúl arís is arís eile ag an mBord mar chuid d'oiliúint leanúnach, trí sheimineáir agus tríd ábhar treorach a eisíodh le bliain anuas don phainéal Breithneoirí. Mar gheall ar an treoir sin, i gcás gur cruthaíodh míchaoithiúlacht agus cruatan don tionónta nuair a bhí moill ann an éarlais a thabhairt ar ais, tá méadú suntasach ar líon na ndamáistí a bronnadh i gcoinne tiarnaí talún sa chatagóir díospóide seo.

Riaráistí Cíosa


Tá riaráistí cíosa ar an gcúis is coitianta ag tiarna talún díospóid a chur ar aghaidh chuig an BTCP agus é méadaithe go dtí 32% den líon iomlán iarratas ar dhíospóid a cuireadh faoi bhráid an Bhoird. Fuair an Bord 719 iarratas a bhain le riaráistí in 2012. I gcomparáid leis sin, cuireadh 324 cás a bhain le riaráistí cíosa ar aghaidh chuig an mBord in 2008. Léiríonn figiúr 2012 méadú 122% agus is léiriú é den chás eacnamaíoch ar an iomlán. Tá dualgas de réir dlí ar thionóntaí a gcuid cíosa a íoc nuair atá sé dlite, beag beann ar cibé an bhfuil díospóid ag dul ar aghaidh lena dtiarna talún nó nach bhfuil. Féadfaidh tiarna talún fógra foirceannta a sheirbheáil ar thionónta atá i riaráistí le cíos.

Thug an Bord méadú faoi deara i líon na gcásanna a cuireadh ar aghaidh chuige in 2012 agus riaráistí cíosa ag dul thar dhlínse an Bhoird faoi Alt 115 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe. Cuirtear teorainn le hAlt 115 ar dhlínse an Bhoird €20,000 i riaráistí cíosa a bhronnadh, nó an cíos bliantúil dúbailte faoi dhó, cibé acu an figiúr is airde suas go dtí uasmhéid €60,000. Aibhsítear leis an méadú sin an gá atá do thiarnaí talún cúrsaí riaráistí cíosa a láimhseáil nuair a thagann siad chun cinn, mar má mhéadaíonn na riaráistí go dtí leibhéal atá lasmuigh de dhlínse an Bhoird, ní bheidh de rogha acu ach an cheist a chur ar aghaidh chuig na cúirteanna agus costais dlí a thabhdú dá réir sin.


Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta

Meastar gur tharla foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta, nó díshealbhú neamhdhleathach, i gcás gur chuir tiarna talún trí fhórsa nó ar shlí eile, cosc ar thionónta dul isteach sa teaghais ar cíos nó i gcás gur thóg siad a gcuid rudaí amach as teaghais. In 2012, sheas an BTCP le 69% de na gearáin a bhain le díshealbhú neamhdhleathach agus níor sheas sé le 31% de na gearáin a rinneadh. Rinneadh íocaíochtaí as foirceannadh neamhdhleathach in 2012 suas go dtí an t-uasmhéid €20,000 a cheadaítear faoin Acht.

Díospóidí a bhain le Riaráistí Cíosa 2008-2012



Íocaíochtaí a rinneadh i gcásanna a bhain le Foirceannadh Neamhdhleathach



Íocaíochtaí Breithneoirí/Idirghabhálaithe 2012

Ceapadh an painéal reatha Breithneoirí agus Idirghabhálaithe in 2011 trí iomaíocht oscailte arna reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don BTCP agus iad ceaptha ar feadh tréimhse díreach os cionn trí bliana. Íoctar táille chomhréidh €660 in aghaidh an lae le haghaidh trí éisteacht, nó cúig mheasúnú bunaithe ar pháipéar le breithneoirí.

ÍOCAÍOCHTAÍ A RINENADH LE BREITHNEOIRÍ / IDIRGHABHÁLAI THE IN 2012

Ball Painéil	Iomlán (€)	Ball Painéil	Iomlán (€)	Ball Painéil	Iomlán (€)
Aisling Fair	6,600	Deirdre Bignell	12,540	Kevin Baneham	11,220
Angela Becker	7,260	Emma Travers	660	Marissa O'Keeffe	7,260
Barry McCormack	6,600	Eoin Byrne	11,880	Mervyn Hickey	4,620
Brian Whelan	10,780	Frank Brady	15,840	Michelle Kellegher	4,620
Catherine McGuigan	11,220	Gerard Murphy	11,220	Monica Brennan	9,240
Cathy Hamilton	9,900	Healy Hynes	9,240	Niall Farrell	2,640
Ciaran Smith	9,900	Helen Connaughton	3,300	Paddy Keogh	3,960
Colm Keating	3,300	Helen-Claire O'Hanlon	11,220	Roderick Maguire	8,580
Corona Grennan	11,220	Jack Nicholas	9,900	Sarah Brophy	15,180
Cynthia Lennon	10,560	James Egan	11,880	Simon Noone	9,240
Dairine Mac Fadden	11,220	John Conran	14,520	Suzy Quirke	6,600
Daniela Bills Everett	5,940	John Keane	12,540	Tracey McGee	7,920
David Duncan	15,840	John Keaney	13,860		
				Foriomlán	350,020

Cásanna Díospóidí A Ndearnadh Achomharc Orthu Le Binsí Tionóntachta 2012

Is féidir le páirtithe i ndíospóid achomharc a dhéanamh ar chinneadh breithneora/idirghabhálaí chuig Binse Tionóntachta i bhfóisceacht 21 lá ón lá a bhfaigheann siad an cinneadh. Éisteann painéal triúr comhaltaí de Choiste Réitithe Díospóide (CRD) an Bhoird na binsí. Tá na binsí níos foirmiúla ná na héisteachtaí breithnithe/idirghabhála. Is éisteachtaí poiblí iad. Tá ceangal ar na páirtithe dul faoi mhionn nó dearbhasc a thabhairt agus bíonn luathscríbhneoir i láthair chun an fhianaise a thugtar a thaifeadadh. Bíonn torthaí éisteachtaí an Bhinse ar fáil go poiblí freisin. Tá tuarascáil agus cinneadh Binse foilsithe ar láithreán Gréasáin an BTCP (www.prtb.ie)

Fuair an BTCP 268 achomharc a bhreithnigh an Bord in 2012, agus deonaíodh 181 díobh agus diúltaíodh 87. Dhiúltaigh an Bord achomhairc toisc go raibh siad déanach nó gur teipeadh an táille riachtanach a chur isteach leo.


Tionóladh 196 Binse in 2012. Léiríonn sé sin méadú 10% ar éisteachtaí Binse ó 2011 go dtí 2012; sin in ainneoin gur cuireadh an córas nua TMS i bhfeidhm agus gur tháinig laghdú ar líon na foirne. Bhí tréimhse feithimh 6 mhí ar an meán ón dáta ar deonaíodh an t-achomharc go dtí gur eisíodh cinneadh in 2012.

Miondealú na gCásanna a Éisteadh ag Binse in 2012 de réir an Pháirtí Achomharcóra agus an tSuímh

Tháinig 33% (64 cás) de na hachomhairc a tháinig os comhair Binse Tionóntachta in 2012 ó thiarnaí talún, 60% (115 cás) ó thionóntaí, 3% (6 chás) ó thríú páirtí agus ba achomhairc i gcoinne achomharc a bhí i 4% (8 gcás) rud a chiallaíonn gur chuir an dá pháirtí i gcás díospóide iarratas ar achomharc isteach.

Tionóladh 72% de na Binsí i limistéar Bhaile Átha Cliath agus bhain 28% leis an gcuid eile den tír.


Suíomh na nÉisteachtaí



Cásanna ón mBinse in 2012 – Catagóirí agus Torthaí

Taispeántar sa chart thíos miondealú de Bhinsí a tionóladh de réir an chineál díospóide. As an 196 Binse a tionóladh in 2012 bhí 307 Cineál Díospóide difriúil luaite mar chúis leis an achomharc. Tá coinneáil éarlaisí fós ar an gcatagóir achomhairc is mó a bhíonn os comhair binse tionóntachta agus 112 (36%) sampla den chineál seo díospóide luaite in 2012. Tá riaráistí cíosa mar chineál díospóide a luaite go minic freisin agus 62 (20%) den 307 cineál díospóide luaite.

Miondealú ar na cúiseanna gur íocadh damáistí



- Iompar Frithshóisialta 2 (3%)
- Riaráistí Cíosa 4 (6%)
- Foirceannadh Neamhdhleathach 10 (14%)
- Coinneáil Éarlaise 15 (21%)
- Sárú Oibleagáidí Tionóntaí 19 (27%)
- Sárú Oibleagáidí Tiarnaí Talún 21 (29%)

Damáistí as éarlaisí a choinneáil agus sárú ar oibleagáidí na dtiarnaí talún

As na cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig Binse, i gcás gur bronnadh damáistí, bhí 50% sna catagóirí a bhain le hÉarlaisí a Choinneáil agus Oibleagáidí Tiarnaí Talún a Shárú. Bronnadh damáistí idir €100 agus €2,300 i gcásanna a bhain le hÉarlaisí a Choinneáil, bhí na damáistí a bronnadh as Oibleagáidí Tiarnaí Talún a Shárú idir €126 agus €2,700.

Damáistí as riaráistí cíosa


De réir na cairte thuas, rinneadh 6% d'íocaíochtaí damáistí foriomlána i gcásanna a bhain le riaráistí cíosa. Bhí íocaíochtaí damáistí i gcoinne tionóntaí idir €400 agus €3,800.

Damáistí as Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta

Bhain foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta le 36 (12%) den 196 éisteacht binse in 2012.

I gcás go ndearnadh íocaíocht le tionóntaí i gcoinne an tiarna talún bhí siad idir €400 agus €20,000 mar a thugtar le fios sa chairt thíos:

Damáistí as Foirceannadh Neamhdhleathach Tionóntachta



- €0 - €999 (22%)
- €1000 - €1,999 (29%)
- €2,000 - €2,999 (21%)
- €3,000 - €3,999 (7%)
- €4,000 - €4,999 (7%)
- €5,000 - €9,999 (7%)
- €10,000 - €20,000 (7%)

Íocaíochtaí Binsí 2012

Comhalta an CRD	Cathaoirleach	Ball	MÉID (€)
Anne Colley	8	10	16,259
Anne Leech	5	21	14,343
Bairbre Redmond	6	7	11,737
Charles Corcoran	2	13	7,529
Ciara Doyle	7	10	10,607
Claire Millrine	3	18	13,078
Dervla Quinn	12	15	16,947
Eoin O'Sullivan	12	13	15,648
Finian Matthews	11	7	16,268
Fintan McNamara	13	16	13,664
Gene Feighery	14	8	16,844
Geraldine Feeney	3	13	10,361
Gus Cummins	3	5	5,612
Henry Murdoch	8	11	13,668
James Bridgeman	4	11	10,084
John Lynch	7	17	16,662
John Tiernan	9	11	12,425
Kieran Buckley	4	11	9,150
Liam Nolan	11	18	15,713
Louise Moloney	3	15	11,255
Mary Doyle	2	15	10,938
Mary H Morris	2	4	4,216
Mary Heaslip	4	15	12,725
Maurice O'Donoghue	8	17	14,451
Michael Farry	0	0	2,322
Michael Irvine	1	16	15,152
Nesta Kelly	4	26	20,555
Orla Coyne	9	10	13,205
Tricia Sheehy Skeffington	2	7	1,925
Tim Ryan	1	3	700
Tom Dunne	2	15	9,576
Vincent P Martin	17	12	15,866
Foriomlán			379,485

* Tagraíonn an figiúir thuas d'íocaíochtaí iarbhír a rinneadh le Baill CRD i rith 2012. Mar thoradh ar a gcineál, baineann cuid de na híocaíochtaí seo le Binsí a tionóladh in 2011.

Forfheidhmiú Orduithe Cinnidh an BTCP 2012

Sonraítear san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, i gcás ina mainnítear Ordú Cinnidh arna ndéanamh ag an BTCP a chomhlíonadh, gur féidir leis an BTCP, nó leis an bpáirtí ar ina fhabhar a rinneadh an tOrdú, dul i mbun ionchúisimh choiriúil, imeachtaí sibhialta, nó an dá cheann. Nuair a théitear i mbun ceachtar den dá rogha seo bíonn impleachtaí tromchúiseacha aige don pháirtí a dteipeann air Ordú BTCP a chomhlíonadh.

- Is féidir **ionchúisimh choiriúla** a thionscnamh, i gcomhréir le hAlt 126 d'Acht 2004, agus is féidir leis an BTCP nó leis an bpáirtí atá ainmnithe ar an Ordú Cinnidh é sin a dhéanamh, agus tugtar na hionchúisimh sa Chúirt Dúiche. Is féidir pionóis ghéara a ghearradh ar Chiontú Coiriúil, lena mbaineann fíneáil nach mó ná €4,000 agus tréimhse príosúnachta nach faide ná sé mhí, anuas ar fhíneáil bhreise de €250 sa lá de bharr leanúint ag neamhchomhlíonadh. Anuas ar chiontú coiriúil a fháil agus ordú i gcomhair costas, bronnann an Chúirt go ginearálta Ordú Cúitimh suas go dtí uasteorainn na Cúirte Dúiche (.i. beagnach €6,350).
- Tugtar **imeachtaí sibhialta** sa Chúirt Chuarda, i gcomhréir le hAlt 124 d'Acht 2004. Is féidir leis an BTCP nó le páirtí atá ainmnithe ar Ordú Cinnidh imeachtaí sibhialta a thionscnamh. I bhformhór na gcásanna bhronn an Chúirt a chostais ar an BTCP i gcásanna atá tugtha go dtí seo.

Iarratais ar Fhorfheidhmiú Orduithe Cinnidh

2008	2009	2010	2011	2012
100	307	577	589	346

Faoin Acht, is cumhacht lánroghnach é forfheidhmiú agus feidhmiú an BTCP an chumhacht sin ag cur san áireamh na himthosca a bhaineann le gach cás agus i gcomhthéacs an staid airgeadais níos dúshlánaí ina gcaithfidh an BTCP feidhmiú anois, ach an oiread le comhlachtaí eile san Eanáil Phoiblí. Is gníomhaireacht féinmhaoinithe é an BTCP agus ní mór dó feidhmiú laistigh dá bhuiséad. Mar is léir ón tábla thuas, tá méadú tagtha bliain i ndiaidh bliana ar

lín na n-iarratas a fuair an BTCP chun Orduithe a fhorfheidhmiú. Ag glacadh leis an éileamh méadaithe atá ar fhorfheidhmiú níl sé inbhuanaithe don BTCP imeachtaí a ghlacadh maidir le gach iarratas.

De bhrí gur bunaíodh an Bord chun cásanna a thabhairt amach as na Cúirteanna féachann sé le forfheidhmiú a bhaint amach ar dtús ar bhealaí neamhbhreithiúnacha. Mar sin féin, murab amhlaidh i gcás comhlachtaí Breithiúnacha / Gar-Bhreithiúnacha eile, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar an BTCP dul i mbun forfheidhmithe. Ní chuireann sé sin cosc ar aon bhealach ar pháirtithe dul sa tóir ar fhorfheidhmiú go neamhspleách ón BTCP.

Déanann Comhaltaí an Bhoird cinntí maidir le cibé dul i mbun forfheidhmithe dlí nó gan a dhul agus déantar na cinntí ar bhonn cás ar chás, ag cur san áireamh cén seans atá ann toradh fabhrach a bhaint amach don té a rinne an t-iarratas; ciallaíonn toradh fabhrach go scaoilfear le hairgead atá fós le híoc. Is iad seo a leanas na critéir a úsáideann Comhaltaí an Bhoird chun an cinneadh sin a dhéanamh:

- Cineál Díospóide,
- Stair comhlíontachta le reachtaíocht a bhaineann le tiarnaí talún/tionóntaí,
- Láidreacht theicniúil an cháis,
- Cén teagmháil/céimeanna, más ann dóibh, a ghlac an duine atá ag iarraidh comhlíontacht leis an bpáirtí neamhchomhlíontach chun comhlíontacht an Ordaithe a bhaint amach,
- Uirill reatha a rinne an BTCP chuig an bpáirtí neamhchomhlíontach agus an fhaisnéis ábhartha a fuarthas,
- Forleathadh geografach,
- Imthosca áirithe an cháis.

Chiallódh an costas a bhainfeadh le gach iarratas a thabhairt chun Cúirte go dteastódh maoiniú ón Státchiste nó chaithfí táillí an BTCP a mhéadú. Ní roghanna inmharthana ceachtar díobh sin. Mar sin féin, glacann an BTCP leis gur ábhar an-tromchúiseach é neamhchomhlíonadh Orduithe Cinnidh agus le linn 2012 ann féin chuir an BTCP 263 cás ar aghaidh chuig a Chomhairleoirí Dílíthiúla maidir le himeachtaí forfheidhmithe. Tá go leor de na cásanna sin ag céimeanna éagsúla sa phróiseas agus tá breithiúnais cláraithe nó táthar tagtha ar shocrú.

Tógann imeachtaí dlíthiúla achar fada agus bíonn siad costasach ach go dtí seo, d'éirigh go han-mhaith leis an BTCP orduithe breithiúnais a fháil ina chuid imeachtaí. É sin ráite, díreach mar gheall go dtéann duine chun Cúirte ní chiallaíonn sé sin go mbainfidh sé nó sí forfheidhmiú rathúil amach agus níos praiticiúla ná sin, ní chiallaíonn sé go bhfaighidh sé nó sí cúiteamh airgeadais. Ag tráth a bhfuil fiachas mór pearsanta ar gach duine, tá baol ann i ndáiríre nach n-íofar ar ais airgead atá dlite fiú amháin tar éis imeachtaí cúirte a n-éiríonn go maith leo. I gcuid mhaith cásanna is é an rogha is fearr agus ceann a éascaíonn an BTCP ná sceideal íocaíochtaí a chomhaontú.

Iarratais Nua Forfheidhmithe a Fuarthas in 2012

Fuarthas líon iomlán 346 iarratas nua ar fhorfheidhmiú in 2012, laghdú ón mbliain roimhe sin. Léirítear é sin mar gheall go ndearna an BTCP in 2012, forchéimniú ar an ngné próiseála díospóide dá thogra le haghaidh Chóras Bainistíochta Tionóntachta (TMS) agus cuireadh an fhoireann i mbun tástála ar an gcóras ionas gur tháinig laghdú ar líon na gcásanna a próiseáladh ar an iomlán in 2012.

Baineadh amach comhlíonadh nó socrú i ndiaidh na chéad idirghabhála ó Aonad Forfheidhmithe an BTCP agus ní raibh gá tabhairt faoi imeachtaí dlíthiúla i gcás 45 de na hiarratais a fuarthas. Cuireadh 17 cás eile ar feitheamh mar gheall ar shocrúcháin a bhí fós ag dul ar aghaidh agus tarraingíodh siar / thóg an páirtí amach imeachtaí i 13 cás.

Bhí líon na n-iarratas a fuarthas ó **Thiarnaí talún (180)** beagán níos mó ná iad sin a fuarthas ó **Thionóntaí (161)**. Léirítear leis sin an treocht sna hiarratais díospóidí a fuarthas agus léirítear gur ceist thromchúiseach atá ag dul i méid é ceist na riaráistí cíosa anois.


Fuarthas 4 iarratas ó Thríú Páirtithe (a bhaineann le Tiarnaí Talún ar theip orthu oibleagáidí tionóntaí a fhorfheidhmiú) agus 1 iarratas amháin inmheánach a bhain le hairgead a bhí dlite don BTCP mar gheall ar pháirtithe a bhí i mbun achomhairc ar a gcás chuig Binse agus ansin, gan fógra nó cúis mhaith a thabhairt, ar theip orthu freastal ar an mBinse.

Obair Fhorfheidhmithe in 2012

Anuas ar an 346 iarratas nua ar fhorfheidhmiú a fuarthas in 2012, rinne rannóg Forfheidhmithe an BTCP obair ar thart ar 800 cás a bhí fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2011. Bhí cásanna ó 2010 agus ó 2011 i gceist sa 800 cás sin.

Cuireadh 263 comhad ar aghaidh chuig ár gComhairleoirí Dlí in 2012 (bhain 81 cás le hiarratais forfheidhmithe ó 2012; bhain 182 le cásanna a bhí fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2011).

Líon Iomlán na nIarratas Forfheidhmithe a Fuarthas in 2012




Iarratais ar fhorfheidhmiú ó thiarnaí talún a fuarthas in 2012 atá catagóirithe de réir Cineálacha Díospóide

Is léir ó athbhreithniú a rinneadh ar an 180 iarratas a fuarthas ó thiarnaí talún gurbh riaráistí cíosa na príomhfhadhbanna a bhí ag daoine. I measc na n-ábhar eile bhí damáiste a bhí níos mó ná gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt; fógra foirceannta; sárú oibleagáidí tionónta; agus sárú léas téarma sheasta.

Iarratais Forfheidhmithe a Fuarthas ó Thiarnaí Talún in 2012

(Miondealú de réir Cineál Díospóide)




Líon na nIarratas

Iarratais ar fhorfheidhmiú ó thionóntaí a fuarthas in 2012 atá catagóirithe de réir Cineálacha Díospóide

As an 161 iarratas a fuarthas ó thionóntaí bhain an phríomhdheacracht le héarlaisí a bhí coinnithe.

Iarratais Forfheidhmithe a Fuarthas ó Thionóntaí in 2012

(Miondealú de réir Cineál Díospóide)



Líon na nIarratas

Torthaí Cúirte in 2012

Toradh Cúirte	Bliain 2012
Ciontú Alt 126	4
Ordú Alt 124 Faighte	91

Orduithe na Cúirt Dúiche (Ciontuíthe Alt 126)

Baineadh amach 4 chiontú in 2012. Gearradh fíneálacha i gcuid mhaith cásanna agus iad idir €650 suas go dtí €4,000. Fuarthas Orduithe Costas freisin i bhfabhar an BTCP agus iad idir €1,000 suas go dtí €2,952.

Orduithe na Cúirte Cuarda (Orduithe Alt 124 Faighte)

Fuarthas 91 Ordú ón gCúirt Chuarda in 2012. I mbeagnach gach cás bronnadh ordú i gcomhair costas, agus cáin le gearradh mura raibh comhaontú déanta. Theastaigh seirbhísí an tSirriam in thart ar 5 chás d'fhonn seilbh ghlan a aisghabháil agus d'fhág go leor daoine an áit nuair a fuair siad amach go raibh Sirriam fostaithe.

Breithiúnais a Chlárú

Is é beartas an BTCP maidir le cásanna neamhchomhlíontachta ná breithiúnais a chlárú a fhaightear nuair a theipeann ar an bpáirtí an fiachas a ghlanadh. Féadfar na breithiúnais sin a fhoilsiú in Trade Gazettes rud a mbíonn tionchar tromchúiseach aige ar rátáil chreidmheasa duine. In 2012, i gcás beagnach an 91 Ordú ar fad a fuarthas cláraíodh breithiúnais den sórt sin agus leantar á gclárú.

Torthaí Rathúla

Baineadh amach comhlíonadh nó socrú i ndiaidh na chéad idirghabhála gan gá tabhairt faoi imeachtaí dlíthiúla iomlána i 29 cás tar éis iad a chur ar aghaidh chuig ár gComhairleoirí Dlíthiúla.



Straitéis Maidir Le Teicneolaíocht Faisnéise Agus Cumarsáide (TFC)

Ba é sprioc lárnach 2012 i gcás thionscnaimh TFC an BTCP ná cur i bhfeidhm ár gCóras Bainistíochta Tionóntachta a thabhairt chun críche. Chuaigh an chéim dheiridh, a bhaineann le taobh na nDíospóidí agus na mBinsí den ghnó, beo d'úsáideoirí inmheánacha i mí Aibreáin 2012. Áiríodh leis sin leas a bhaint as tionscnamh um sheirbhís chomhroinnte leis na Coimisinéirí Ioncaim áit ar scrúdaigh siad an riaráiste de cháschomhaid a bhí againn. Mar thoradh ar sheoladh na céime sin tugadh an BTCP amach as ré a bhí bunaithe ar pháipéir i mbainistíocht cáschomhad go dtí paraidím a bhí go hiomlán leictreonach. I mí Iúil 2012 leathnaíodh an fheidhmiúlacht sin chuig ár dtairseach Idirlín áit ar féidir iarratais ar dhíospóidí/bhinsí a dhéanamh ar líne anois. Déantar 52% d'iarratais nua sa réimse díospóidí/binsí ar líne anois.

Áiríodh leis an gcéim seo de TMS comhtháthú le rianú táirge An Post agus córas cruthúnais seachadta a chloíonn leis an reachtaíocht ríomh-thráchtála is déanaí agus atá in úsáid ó shin i leith agus a seastar leis i gCúirteanna. Tá an togra nuálach seo le An Post curtha ar an ngearrliosta ó shin le haghaidh Gradam TFC 2013.

Tá inneall sceidealaithe cuíchóirithe mar ghné den chóras nua seo. Cinntítear leis seo go mbaintear an leas is mó as na seomraí atá againn i gcomhair díospóidí/binsí agus déantar é sin ar bhealach a íoslghdaíonn an costas a bheidh ar an eagraíocht. Ní bhíodh ach 3 sheomra in úsáid le haghaidh cúrsaí réitithe díospóidí i mBaile Átha Cliath ach anois tá 5 sheomra in úsáid. Brostaíodh tréachur na gcásanna dá bhrí sin leis an gcóras seo.

Mar chuid den socrú eisfhoinisithe le SouthWestern, bogadh ár lárionad glaonna ó Bhaile Átha Cliath go Cloich Na Coillte i mí Dheireadh Fómhair 2012. D'éascaigh sé sin an úsáid a bhaintear as ardchórais monatóireachta agus teileafónaíochta iomchuí ionas nach gcailltear an oiread glaonna agus go bhfuil acmhainn níos mó ar fáil do dhaoine a ghlaonn orainn. Baineadh úsáid as comhtháthú níos géire le córais reatha sa BTCP i dTeach Dhroichead Uí Chonaill chun iarracht a dhéanamh seirbhís chomh leanúnach agus is féidir a thabhairt do chliant nuair a bhíonn siad i dteagmháil leis an BTCP.

I mí na Samhna sheol SouthWestern córas chun foirmeacha páipéir a scanadh isteach. Forbraíodh comhéadain chun na sonraí seo a aistriú go leictreonach chuig ár gcóras TMS agus ionas go

mbeimis in ann cóip leictreonach den doiciméad a choinneáil ar an gcóras. Leis sin bhí mion-obair ar siúl idir aonad TFC an BTCP, Vulcan Systems (soláthraí an chórais TMS) agus SouthWestern (ár soláthraí seachfhoinsé). D'éirigh thar cionn leis sin agus samhlaímid go mbeidh tograí eile ar bun eatarthu chun cuidiú chun na próisis sin a dhéanamh níos éifeachtúla.

Foilsíodh creat soláthair TFC i mí na Bealtaine 2012 agus bronnadh é i mí Iúil 2012. Tá ceithre ghrúpa díoltóirí TFC ar fáil anois don BTCP le haghaidh mionthairiscintí d'fhonn gach riachtanas TFC a thiocfaidh chun cinn amach anseo a chomhlíonadh.

D'fhonn an tionscnamh eisfhoinisithe a éascú b'éigean athrú ollmhór a dhéanamh ar ár mbonneagar TFC. Toisc go raibh gá tríú páirtithe a scaoileadh isteach chuig ár gcórais inmheánacha ar bhealach lenar bhain dea-chleachtas, cuireadh dhá thionscadal i bhfeidhm; ceann a bhain le cian-rochtain a cheadú agus ceann eile chun ár líonraí a dhéanamh tuilleadh slán trí bhallaí dóiteáin a mhéadú agus trí mhodheolaíochtaí líonraithe eile. Bhí an tionscadal cian-rochtana (Citrix) réidh faoi dheireadh Dheireadh Fómhair in am do SouthWestern ár bhfeidhm próiseála clárúchán a ghlacadh ar láimh agus bhí an obair ar an líonra agus an obair shlándála tugtha chun críche faoi dheireadh na Nollag.

Leanfar den chur chuige seo chun feabhas a chur ar an bpróiseas an chéad bhliain eile de réir mar a dhéanaimid athfhorbairt ar ár láithreán Gréasáin agus ár dtairseach, de réir mar a chuirimid tuilleadh tionscnamh ríomhRialtais i bhfeidhm, mar a fheabhsaímid cumas an phobail agus geallsealbhoirí eile cumarsáid a dhéanamh linn trí labhairt linn, trí theachtaireachtaí meandracha, físeáin, meáin shóisialta nó gréasán, agus trí TMS a shimpliú chun tacú le reachtaíocht nua agus le tionscnaimh eile san Earnáil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Ag glacadh leis go bhfuil an eagraíocht ag brath níos mó agus níos mó ar theicneolaíocht TFC cuirfear ríomhchlár nua Athshlánaithe ó Thubaiste i bhfeidhm chun tacú le gach teicneolaíocht nua ábhartha a chuirfear i bhfeidhm. Tá sé beartaithe bunachar sonraí de chlárúcháin TMS a úsáid mar bhunús le haghaidh innéacs cíosa náisiúnta sa dara ráithe de 2013.

Tá Straitéis TFC 2009 – 2012 curtha i bhfeidhm ar fad beagnach. Tá obair ar bun ar an dá thionscadal dheiridh, .i. Láithreán gréasáin nua don BTCP agus Innéacs Cíosa BTCP, a sheolfar sa chéad leath de 2013.

Soláthar agus Tairiscintí a Lorgaíodh agus a Bronnadh

Dearbhaíonn an BTCP gur chomhlíon sé nósanna imeachta soláthair maidir le Tairiscintí iomaíocha a dhéanamh.

Áirítear leis sin comhlíonadh le treoirlínte náisiúnta agus leis na Treoracha AE iomchuí, a bhfuil feidhm dlí leo sa Stát seo. Is córas iomaíoch tairiscintí an gnáth nós imeachta a úsáideann an BTCP sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag gach tairiscint a eisíodh ar na tairseacha luacha chun rialacha soláthair a chur i bhfeidhm.

Is féidir le duine ar bith a dteastaíonn uathu a bheith fostaithe ag an mBord mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir an Bord a chur ar an eolas i scríbhinn agus san áireamh le haon fhógra chun na críche sin beidh sonraí maidir le cáilíochtaí agus taithí an duine. Leanann an BTCP riachtanais maidir le soláthar poiblí agus tairiscintí nó luachana á lorg acu. I rith 2012, d'fhaomh an Bord nó an Stiúrthóir roinnt conarthaí de réir mar atá leagtha amach thíos, tar éis iad a chur ar tairiscint phoiblí:

- › Straitéis Chorparáideach an BTCP 2012 - 2015 - Mazars Consultants - Feabhra 2012
- › Measúnú ar an bhFéidearthacht a bhaineann le Scéim Chosanta Taiscí Tionóntachta (Assessment of the Feasibility of a Tenancy Deposit Scheme) - Indecon - Aibreán 2012
- › Eisfhoinsíú - SouthWestern Services - Iúil 2012
- › Creat Seirbhísí Gairmiúla TF - I.T. Alliance Group Limited, IT Force, DNM Technology - Iúil 2012
- › Innéacs Náisiúnta Cíosa an BTCP - ESRI - Lúnasa 2012



Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

Subject to C & AG Audit

Faisnéis

Baill An Bhord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Orla Coyne	Aturnae (Cathaoirleach)
Gene Feighery	Comhshaolaí
Vincent P. Martin	Abhcóide
Finian Matthews	Státseirbhíseach ar scor
An Dr. Eoin O’Sullivan	Léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Thomas J Reilly	Gairmí Maoine
John Tiernan	Iar-Bhainisteoir Contae
Conn Murray	Bainisteoir Contae
Joseph Meehan	Státseirbhíseach, An Roinn Coimirce Sóisialaí
Aidan Brennan	Státseirbhíseach, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Paula O’Reilly	Státseirbhíseach, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Tim Ryan	Sainchomhairleoir PR
Tricia Sheehy Skeffington	Abhcóide

Comhaltaí an Bhoird a d’éirigh as in 2012

Aidan Brennan	Státseirbhíseach, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
---------------	---

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Éilítear le hAlt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, go n-ullmhódh an Stiúrthóir na Ráitis Airgeadais ar shlí arna shonrú ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo. Ní mór don Bhord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Stiúrthóir agus ar an mBord:

- › Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- › Breithiúnais agus measúnaithe a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- › Tabhairt le fios cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- › Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá an Stiúrthóir, faoi threoir an Bhoird, freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 178 den Acht. Tá an Bord freagrach as cinntiú go ndéantar gnó an Bhoird ar bhealach ceart agus rialta agus as na sócmhainní go léir atá faoi smacht oibriúcháin aige a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Ar son ball an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, admhaim go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráid ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil. Féachann an Bord agus a Choiste Iniúchta ar na ceanglais atá sa Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit, i measc nithe eile, agus iad ag féachaint ar chríochnúlacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Príomh-nósanna imeachta maidir le rialú

Tá céimeanna glactha ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha chun timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú ar na bealaí seo a leanas:

- › a chinntiú go gcomhlíonann an Bord a chuid oibleagáidí Airgeadais faoin Acht;
- › a chinntiú go dtugtar cuntas ceart maidir le sócmhainní agus dliteanas an Bhoird;
- › chúraimí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- › nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun mainneachtana móra maidir le rialú a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin ceart a chinntiú;
- › fochoistí oiriúnacha den Bhord a bhunú chun díriú níos mó ar réimsí sonracha.

D'aontaigh baill an Bhoird go bhfuil Stiúrthóir agus baill foirne an Bhoird (faoi réir ag a dtarligeán ag an Stiúrthóir) freagrach as cúrsaí oibriúcháin.

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais laistigh den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta míosúil, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear dualgais agus teorainneacha údaraithe a leithscaradh), agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe san áireamh tá:

- › córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a dhéantar a athbhreithniú agus a aontú leis an bhFeidhmeannas agus leis an mBord;
- › athbhreithniú rialta ag an bhFeidhmeannas agus ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a shonraíonn feidhmíocht airgeadais de réir spriocanna;
- › treoirlínte soiléire ar sholáthar, tairiscint agus infheistíocht chaipitil.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais treoir ón gCoiste Iniúcháireachta, foireann bhainistíochta an Fheidhmeannais, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a choimeád, agus tráchta a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Tá an Bord tar éis leanúint lena chuid oibre chun fairsinge agus dóchúlacht riosca gnó in 2011 a fháil amach, agus leanfar leis an obair seo in 2012.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:

Ginearálta

Is iad feidhmeanna ginearálta an Bhoird ná:

- › córas clárúcháin náisiúnta a fheidhmiú le haghaidh gach tionóntachta cónaithe príobháidí a thagann faoi shainchuspóir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2004;
- › seirbhís um réiteach díospóide a oibriú agus;
- › eolas a sholáthar, taighde a dhéanamh agus a comhairle beartais a sholáthar don Aire maidir le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach;
- › tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a sholáthar do na Binsí (tá na costais ghaolmhara áirithe i gcostais riaracháin).

Bunús na cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin mbonn fabhrúithe cuntasaíochta de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis leagtha amach i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá na cuntais sonraithe in euro.

Ioncam

Maoiniú Stáit

Léiríonn maoiniú Stáit airgead tirim a fuarthas sa bhliain ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Táillí clárúcháin agus díospóide

Aithnítear táillí i dtaobh clárúcháin agus díospóidí nuair a fhaightear iarratas.

Ioncam eile

Seasann ioncam eile d'ús fabhráithe ar thaiscí arna sealbhú le hinstiúidí airgeadais eile, agus aon chostais dlí a gnóthaíodh i gcaitheamh na bliana.

Sócmhainní seasta intadhaill

Tangible fixed assets are stated at cost less accumulated depreciation.

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha.

Soláthraítear dímheas ar bhonn líne díri ag rátaí a mheastar a dhéanfaidh costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta mar seo a leanas:

Feabhsúcháin Léasacha	5%	Líne Dhíreach
Troscán agus Feistis	10%	Líne Dhíreach
Trealamh oifige	20%	Líne Dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta agus forbairt bogearraí	20%	Líne Dhíreach

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Airgeadra eachtrach

Aistrítear airgeadraí atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a rinneadh an t-idirbheart. Déantar aon difríocht a éiríonn as an aistriúchán idir dátaí idirbhearta agus dátaí íocaíochta a mhuirearú don chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

Pinsin Foirne

Oibríonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó. Thug Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 625 de 2011) éifeacht don Scéim Aoisliúntais BTCP agus cheadaithe an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004).

Léiríonn costais pinsean na sochair pinsean arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a láimhseáiltear mar chinn iníoctha leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don táille pinsean mar ioncam chomh fada is atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh nuair is gá, le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta agus aithnítear leasú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn dliteanais pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí arna dtuilleamh ag baill foirne go dtí seo. Seasann maoiniú pinsin don tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Faoi réir Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Ioncam			
Maoiniú Stáit	1	-	-
Maoiniú pinsean iarchurtha	11c	198,000	205,000
Táillí clárúcháin	2	9,319,365	9,575,244
Méideanna Dlite d'Údaráis Áitiúla	7	(1,864,296)	(1,915,049)
Táillí díospóide		44,693	62,660
Ioncam eile	3	136,793	173,458
Aistriú (chuig) / ó chuntas caipitil	8	51,199	279,863)
		7,885,754	7,821,450
Caiteachas			
Costais foirne	4a	(2,567,180)	(2,919,276)
Costais riaracháin	4b	(4,675,973)	(3,939,621)
Dímheas	5	(384, 896)	(365,564)
		(7,430,049)	(7,224,461)
Barrachas don bhliain	9	257,705	596,989

Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Stiúrthóir

Faoi réir Iniúchadh an
Cathaoirleach - Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas faoi Gnóthachain & Chailteanais Iomlána Aitheanta

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

Nótaí	dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Barrachas don bhliain	257,705	596,989
(Cailteanas) / gnóthachan ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin	(22,000)	115,000
Athruithe ar thiomhdí is bun le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin	-	-
(Cailteanas) / gnóthachan achtúireach aitheanta	(22,000)	115,000
Leasú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha	22,000	(115,000)
Iomlán na (gcaillteanas) / na ngnóthachan aitheanta don bhliain	257,705	596,989

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Intadhaill	5	2,969,352	3,020,551
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	6	53,433	66,311
Airgead sa bhanc		6,596,377	6,115,544
		6,649,810	6,181,855
CREIDIÚNAITHE			
Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	7	(3,979,365)	(3,769,115)
Glansócmhainní reatha		2,670,445	2,412,740
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		5,639,797	5,433,291
Maoiniú Pinsin iarchurtha	11	(1,100,000)	(880,000)
Dlíteanas na scéime pinsin	11	1,100,000	880,000
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		5,639,797	5,433,291
ARNA MHAOINIÚ AG			
Barrachas carntha	9	2,670,445	2,412,740
Cuntas caipitil	8	2,969,352	3,020,551
		5,639,797	5,433,291

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Cuntasáíochta agus na Nótaí 1 go 16.

Faoi réir míúchadh an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Réiteach barrachas oibriúcháin le glan-insreabhadh Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas oibríochta don bhliain	9	257,205	596,989
Dímheas	5	384,896	365,564
Ús Tuillte	3	(123,540)	(140,779)
Aistriú (ó) / chuig Cuntas Caipitil	8	(51,199)	279,863
(Laghdú) / Méadú i bhféichiúnaithe	6	12,878	(24,173)
Méadú / (laghdú) ar chreidiúnaithe	7	210,250	(3,413,032)
Glan-Insreabhadh Airgid (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		690,990	(2,335,568)
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid			
Glan-Insreabhadh Airgid (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		690,990	(2,335,568)
Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh ar Airgeadas			
Ús Faighte	3	123,540	140,779
Glanchaiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí le Sócmhainní Seasta Intadhaill a fháil	8	(333,697)	(645,427)
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim	9	257,705	596,989
Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht ar ghlan-chistí			
Glan-chistí amhail an 1 Eanáir		6,115,544	8,955,760
Glan-chistí amhail an 31 Nollaig		6,596,377	6,115,544
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim		480,833	(2,840,216)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16.

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Maoiniú Stáit

Feidhmíonn an BTCP ar bhunús féinmhaoinithe ón 1 Eanáir 2010 agus ní bhfuair sé aon mhaoiniú Stáit in 2012.

2. Ioncam Ó Tháillí Clárúcháin

Ba ionann na táillí a fuarthas ó thiarnaí talún mar íocaíocht as a gcuid tionóntachtaí a chlárú agus €9,319,365 (2011) - €9,575,244).

De réir threoir an Aire, a rinneadh faoi Alt 176(5) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, pléitear le hioncam ó tháillí clárúcháin a fhaigheann an BTCP ar an mbealach seo a leanas:

D'Údaráis Áitiúla:

- › 20% sa bhliain arbh ionann é agus €1,864,296

Coimeádta ag an BTCP i dtreo a chuid costas riaracháin:

- › 80% sa bhliain arbh ionann é agus €7,455,069

3. Ioncam Eile

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Ioncam ó ús	123,540	140,779
Costais dlí gnóthaithe	13,253	2,679
	136,793	173,458

4a. Costais Foirne

	dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Baill Foirne ar lasacht & Baill Foirne BTCP	1,601,512	1,619,663
Foireann Gníomhaireachta	501,487	869,429
Costais Phinsin	357,658	335,225
Oiliúint na mball foirne agus sealbhóirí oifige	19,793	12,736
Costais foirne eile	2,639	-
Costais leasa shóisialaigh	84,091	82,223
	2,567,180	2,919,276

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

Líon foirne:

Ba é an líon foirne a d'fhostaigh an Bord sa bhliain ná 23 (2011: 25). Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 10 mball foirne eile ar iasacht don Bhord (2011: 11, tháinig 2 ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (2011: 2), 2 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus 1 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tobhach Pinsin:

Tá €42,567 de thobhach pinsin asbhainte agus íoctha leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2011: €39,483).

4b. Caiteachas Riaracháin

	dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Táillí Bhaill an Bhoird	161,560	113,175
Táillí Ball Binse	397,877	395,931
Táillí Breithneoirí agus Idirghabhálaithe	389,895	384,666
Binse cíosa (Nóta *)	1,353	5,943
Taisteal & Cothabháil	22,050	32,218
Costais Eisfhoinsithe	425,899	-
Táillí gairmiúla agus dlí	1,559,614	1,410,445
Táillí iniúchta	12,928	11,614
Táillí cuntasaióchta	76,944	95,934
Costais luathscríbhneoireachta	59,360	87,663
Costais Cruinnithe	7,539	9,113
Soláthairtí Oifige	112,858	110,328
Costais Phostais & Dáileacháin	205,693	207,983
Costais Phriontála & Aistriúcháin	220,788	188,137
Costais teileafóin	39,264	27,108
Faisnéis Phoiblí & Oideachas	2,622	15,038
Costais ríomhairí agus cothabháil	473,835	244,534
Costais teaghlachas	395,590	508,367
Seirbhísí glantacháin	24,045	23,627
Staidéir Taighde	55,067	43,381
Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála	159	1275
Ábhar ilchineálach	31,033	23,141
	4,675,973	3,939,621

Tabhair faoi deara *: Áirítear orthu sin táillí Bhaill na mbinsí cíosa agus costais taistil agus cothabhála.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

5. Sócmhainní Seasta Intadhail

	Trealamh Ríomhaireachta & Forbairt Bogearraí €'000	Feabhas Léasacht €'000	Troscán & Fearais €'000	Trealamh Oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Iarmhéid tosaigh	2,092,372	1,746,933	204,262	83,833	4,127,400
Breiseanna	333,202	-	-	495	333,697
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2012	2,425,574	1,746,933	204,262	84,328	4,461,097
Dímheas					
Iarmhéid tosaigh	605,521	343,134	77,690	80,504	1,106,849
Muirear don bhliain	274,382	87,344	20,529	2,641	384,896
Dímheas ar dhiúscairtí	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2012	879,903	430,478	98,219	83,145	1,491,745
Glanluach de réir na leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2012	1,545,671	1,316,455	106,043	1,183	2,969,352
Amhail an 31 Nollaig 2011	1,486,851	1,403,799	126,572	3,329	3,020,551

6. Féichiúnaithe

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Costais réamhíochta	17,815	35,215
Costais dlí fabhráithe is féidir a ghnóthú	400	1,500
Ús infhaighte	26,235	13,436
Glanphá	-	6,988
Asbhaintí deonacha	4,441	4,415
Ilfhéichiúnaithe	4,542	4,757
	50,433	66,311

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

7. Creidiúnaithe

Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Creidiúnaithe & fabhruithe	1,440,871	894,917
Méideanna dlite d'údaráis áitiúla	2,538,494	2,874,198
	3,979,365	3,769,115

Anailís ar mhéideanna dlite d'údaráis áitiúla:

Leagtar amach sa tábla thíos na táillí a fuarthas sa bhliain airgeadais ábhartha agus méideanna a íocadh leis na húdaráis áitiúla ábhartha as a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Chaighdeáin Tithe agus Leabhair Chíosá;

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Iarmhéid tosaigh	2,874,198	5,559,150
Táillí leithdháilte d'údaráis áitiúla sa bhliain	1,864,296	1,915,049
Táillí íoctha amach sa bhliain	(2,200,000)	(4,600,001)
	2,538,494	2,874,198

Beidh na méideanna atá dlite le híoc le húdaráis áitiúla áirithe de réir na gcritéar a leag an tAire Comhshaoil, Pobail agus Údaráis Áitiúil síos agus atá faoina threoir.

8. Cuntas Caipitil

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Iarmhéid tosaigh	3,020,551	2,740,688
Aistriú (chuig) / ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Maoiniú chun sócmhainní a fháil	333,697	645,427
Amúchadh ag teacht le dímhéas sócmhainní	(384,896)	(365,564)
	(51,199)	279,863
Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig	2,969,352	3,020,551

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

9. Barrachas / (Easnamh) Carntha

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
larmhéid tosaigh	2,412,740	1,815,751
(Easnamh) / Barrachas don bhliain	257,705	596,989
larmhéid deiridh an 31 Nollaig	<u>2,670,445</u>	<u>2,412,740</u>

10. Cóiríocht

I nDeireadh Fómhair 2007 shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha comhaontú léasach 20 bliain maidir lena áitreabh ag Teach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Ólier, Baile Átha Cliath 2. Tá clásal scoir sa léas ag deireadh bliain 5. Ba é an gealltanas bliantúil faoin léas seo ag deireadh na bliana ná €264,424.

11. Superannuation

a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsin a muirearaíodh ar Chaiteachas

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Costas reatha seirbhíse	150,000	160,000
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	48,000	45,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(37,647)	(33,921)
	<u>160,353</u>	<u>171,079</u>
Aoisliúntas (Foireann na Roinne)	<u>197,305</u>	<u>164,146</u>
	<u>357,658</u>	<u>335,225</u>

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

b) Gluaiseacht ar Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir	(880,000)	(790,000)
Costas reatha seirbhíse	(150,000)	(160,000)
Costas seirbhíse roimhe seo	-	-
Costais úis	(48,000)	(45,000)
(Gnóthachan) / Cailteanas Achtúireach	(22,000)	115,000
Easnamh ag deireadh na bliana	357,658	335,225

c) Maoiniú Iarchurtha do Phinsin

Cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an BTCP le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an BTCP méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean a eascraíonn as an scéim aoisliúntais ceadaithe seo ar bhunús sraith toimhdí ar a ndéantar cur síos in (e) agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Áiríonn na himeachtaí sin an bunús reachtúil chun an scéim aoisliúntais a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus más gá, an próiseas meastachán bliantúil.

Bhí an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

	2012 €'000	2011 €'000
Maoiniú inghnóthaithe i leith pinsean na bliana reatha	198,000	205,000
Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun pinsin a íoc	-	-
	198,000	205,000

Ba ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2011 agus €880,000 (2010: €790,000).

d) Stair oibleagáidí sochar sainithe

	2012 €'000	2011 €'000
Oibleagáidí sochair sainithe	1,100,000	880,000
Gnóthachain ó thaithí ar Mhéid Dliteanais Scéime	22,000	115,000
Céatadán de Dhliteanais Scéime	2%	13%

Tá an cailteanas achtúireach carntha a aithnítear sa Ráiteas maidir le hlomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta cothrom le €213,000 (2011: €191,000).

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Amhail 31 Nollaig 2012 bhí 38 ball foirne fostaithe ag an BTCP (2011: 40), agus 10 acu ar iasacht ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bhí beirt ar iasacht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bhí duine amháin ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, beirt ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus baill foirne an BTCP a bhí i 23 acu.

Tá Státseirbhísigh ar iasacht clúdaithe ag socruithe pinsin na Státseirbhíse. Is scéimeanna sochar sainithe atá neamh-mhaoinithe agus a riarann an Roinn Airgeadais iad Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse. Níl aon mhuirear sna ráitis airgeadais maidir le haon dliteanais aoisliúntais eile a d'fhéadfadh a theacht chun cinn amach anseo i dtaobh na mball foirne sin.

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais shochair shainithe, arna cheadú ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi I.R. Uimh. 625 de 2011, ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2011 i gcás fhoireann an BTCP. Maoinítear sochair ar bhunús "íoctar mar a úsáidtear". Ní théann teidlíochtaí pinsin foirne thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa tsamhail do scéim aoisliúntais sochar sainithe na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear le haghaidh neamhchosaintí faoi FRS 17 ar luacháil achtúireach iomlán a dhéanann achtúire neamhspleách cáilithe chun ceanglais FRS 17 a thógáil san áireamh chun dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2012 a mheas.

Ba iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh ná:

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Toimhde maidir le méadú ar thuarastal	4.0%	4.0%
Toimhde maidir le méadú ar phinsin	4.0%	4.0%
Boilsciú praghsanna	2.0%	2.0%

12. Íocaíochtaí Déanacha In Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord ar an eolas faoina chuid freagrachtaí faoi na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002 agus bhunaigh sé nósanna imeachta agus próisis oiriúnacha chun cinntiú go ndéantar gach íocaíocht de réir na Rialachán. Ba é an dliteanas a ríomh an Bord le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 ná €159 (2011: €1,275).

13. Cásanna Nár Réitíodh

Bhí thart ar 1,015 cás um réiteach díospóide ar feitheamh éisteachta ag an mBord amhail an 31 Nollaig 2012. Toisc go mbíonn an costas as an bpróiseas um réiteach díospóide éagsúil i ngach cás níl aon soláthar le haghaidh na gcásanna neamhréitithe sin a cláraíodh roimh 31 Nollaig 2012 san áireamh sna Ráitis Airgeadais. Ina theannta sin tá thart ar 104 cás ag céimeanna éagsúla d'imeachtaí forfheidhmithe sna cúirteanna, nach bhfuil eolas faoina gcostais ar fáil fós agus níl aon soláthar déanta dóibh sna Ráitis Airgeadais.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

14. Leasanna Bhaill An Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana. Ní dhearnadh aon idirbheart sa tréimhse maidir le gníomhaíocht an Bhoird a raibh leas tairbheach ag Baill an Bhoird ann.

15. Luach Saothair Na Stiúrthóirí Agus Bhaill An Bhoird

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tuarastal na Stiúrthóirí €92,352

Tá an Stiúrthóir fostaithe faoi shocrú iasachta ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a íocann a tuarastal. Íocadh na méideanna a nochtadh thuas leis an Roinn mar aisíocaíocht tuarastail. Ní bhfuair an Stiúrthóir aon bhónais ná aon sochar comhchineáil in 2012. Ní théann teidlíocht pinsin na Stiúrthóirí thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa tsamhail do scéim aoisliúntais sochar sainithe na hearnála poiblí.

Baill an Bhoird	Táillí (€)
Orla Coyne, Chairperson	28,497
Gene Feighery	12,011
Tricia Sheehy Skeffington	9,292
Vincent P Martin	9,051
Finian Matthews	14,138
Thomas J Reilly	15,818
John Tiernan	11,817
Tim Ryan	7,008
Iomlán	107,632

Tagraíonn na figiúirí thuas d'íocaíochtaí iarbhí a rinneadh le Baill an Bhoird i rith 2012. Mar thoradh ar a gcineál, baineann cuid de na híocaíochtaí seo le cruinnithe ar ar freastalaíodh in 2011. Ríomhtar an figiúr a chuimsítear i Nóta 4b do Tháillí Bhaill an Bhoird ar bhunús fabhraithe do gach cruinniú ar ar freastalaíodh i rith 2012, is cuma cén uair a ndearnadh na híocaíochtaí. Fuair an Bord suim iomlán de €6,628 in íocaíochtaí ilghnéitheacha freisin, lena n-áirítear oiliúint agus agallaimh a chur in 2012. Ina theannta sin, níor íocadh táillí le Baill an Bhoird is státseirbhísigh lánaimseartha freisin.

Íocadh amach €7,633 le baill an Bhoird freisin as taisteal agus cothú a bhain leis an bhfreastal a rinne siad ag cruinnithe agus ag Binsí. Íocadh iad seo de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)


16. Faomhadh Na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Feabhra 2013. Cuireadh faoi bhráid an ARCC iad an 18 Aibreán 2013. Foilseofar na Ráitis Airgeadais Dheiridh le haghaidh 2012 ar láithreán Gréasáin an BTCP nuair a bheidh iniúchóireacht an ARCC críochnaithe.

Faoi réir Iniúchadh an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Appendix 1

An Próiseas Réitithe Díospóide



Appendix 2

Cairt Eagraíochta an BTCP



Ar mhaithe le hOrduithe Cinnidh a Fhorfheidhmiú agus chun déileáil le Tiarnaí Talún nach bhfuil comhlíontach, tá roinnt Feidhmeannach dlí / aturnaetha ó ghnólacht Aturnaetha Eversheds ag obair ar an láthair sa BTCP.

HEO - Higher Executive Officer EO - Executive Officer SO - Staff Officer CO - Clerical Officer

